**Iarraidh ar réamhrialú ó Okrazhen sad – Burgas (An Bhulgáir) a taisceadh an 14 Meitheamh 2022– Obshtina Pomorie v "Anhialo Auto" OOD**

**(Cás C-390/22)**

(2022/C 340/25)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Okrazhen sad – Burgas

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: Obshtina Pomorie

*Cosantóir*: "Anhialo Auto" OOD

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An gceadaítear le forálacha Rialachán (CE) Uimh 1370/2007 ([1]) do Bhallstát ceanglais bhreise agus teorainneacha nach bhforáiltear dóibh sa rialachán sin a thabhairt isteach trí bhíthin dlí náisiúnta nó rialacha inmheánacha, maidir le cúiteamh a íoc leis an iompróir as oibleagáid seirbhíse poiblí a chomhlíonadh?

2. An gceadaítear cúiteamh a íoc le hiompróir as oibleagáid seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, le hAirteagal 4(1)(b)(i) de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007, sa chás nach bhfuil na paraiméadair ar a mbonn a ríomhtar an fóirdheontas leagtha amach roimh ré i gconradh seirbhíse poiblí ach go bhfuil siad socraithe roimh ré i rialacha ginearálta, agus sa chás go gcinntear an iarmhairt ghlan airgeadais nó méid an chúitimh atá le híoc i gcomhréir leis an sásra dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007?

([1]) 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 1191/69 agus (CEE) Uimh. 1107/70 ón gComhairle (IO 2007 L 315, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Fhrainc) a taisceadh an 20 Meitheamh 2022 – Ministre de l'Économie, des Finances et de la Relance v Manitou BF SA**

**(Cás C-407/22)**

(2022/C 340/26)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: Ministre de l'Économie, des Finances et de la Relance

*Cosantóir*: Manitou BF SA

**An cheist a tharchuirtear:**

An gcuirtear cosc le hAirteagal 49 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar reachtaíocht Ballstáit maidir le córas comhtháite cánach lena mbaineann máthairghnóthas comhtháite buntáiste as an neodrú ar scair na gcostas agus na speansas arna n-athchomhthháthú i ndáil le díbhinní arna bhfáil aige ó chuideachtaí cónaitheacha atá páirteach sa chomhtháthú, agus chomh maith leis sin, chun an breithiúnas in *Groupe Steria SCA* (C-386/14) an 2 Meán Fómhair 2015 a chur san áireamh, i ndáil le díbhinní arna bhfáil aige ó fhochuideachtaí atá bunaithe i mBallstát eile, a bheadh incháilithe go hoibiachtúil, dá mba rud é go raibh siad ina gcónaitheoirí ann, a bheith páirteach sa chóras comhtháite ar bhonn roghnach,

ach a dhiúltaíonn buntáiste an neodraithe sin do mháthairghóthas cónaitheach, a roghnaigh, d'ainneoin gurb ann do naisc chaipitil le heintitis chónaitheacha eile lena gceadaítear grúpa cánach comhtháite a chur ar bun, gan bheith páirteach i ngrúpa dá leithéid, i ndáil leis na díbhinní sin arna ndáileadh ag a chuid fochuideachtaí cónaitheacha leis agus i ndáil leis na díbhinní arna bhfáil aige ó fhochuideachtaí atá bunaithe i mBallstáit eile a chomhlíonann na critéir incháilitheachta cé is moite don chónaitheacht araon?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Fhrainc) a taisceadh an 20 Meitheamh 2022 Ministre de l'Économie, des Finances et de la Relance v Bricolage Investissement France SA**

**(Cás C-408/22)**

(2022/C 340/27)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Ministre de l'Économie, des Finances et de la Relance

*Cosantóir:* Bricolage Investissement France SA

**An cheist a tharchuirtear:**

An gcuirtear cosc le hAirteagal 49 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar reachtaíocht Ballstáit maidir le córas comhtháite cánach lena mbaineann máthairghnóthas comhtháite buntáiste as an neodrú ar scair na gcostas agus na speansas arna n-athchomhtháthú i ndáil le díbhinní arna bhfáil aige ó chuideachtaí cónaitheacha atá páirteach sa chomhtháthú, agus chomh maith leis sin, chun an breithiúnas in *Groupe Steria SCA* (C-386/14) an 2 Meán Fómhair 2015 a chur san áireamh, i ndáil le díbhinní arna bhfáil aige ó fhochuideachtaí atá bunaithe i mBallstát eile, a bheadh incháilithe go hoibiachtúil, dá mba rud é go raibh siad ina gcónaitheoirí ann, a bheith páirteach sa chóras comhtháite ar bhonn roghnach, ach a dhiúltaíonn buntáiste an neodraithe sin do mháthairghóthas cónaitheach, a roghnaigh, d'ainneoin gurb ann do naisc chaipitil le heintitis chónaitheacha eile lena gceadaítear grúpa cánach comhtháite a chur ar bun, gan bheith páirteach i ngrúpa dá leithéid, i ndáil leis na díbhinní sin arna ndáileadh ag a chuid fochuideachtaí cónaitheacha leis agus i ndáil leis na díbhinní arna bhfáil aige ó fhochuideachtaí atá bunaithe i mBallstáit eile a chomhlíonann na critéir incháilitheachta cé is moite don chónaitheacht araon?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Szegedi Törvényszék (an Ungáir) a taisceadh an 28 Meitheamh 2022 – SOLE-MiZo Zrt. vs Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága**

**(Cás C-426/22)**

(2022/C 340/28)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Szegedi Törvényszék

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* SOLE-MiZo Zrt.

*Cosantóir:* Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága